



An Chomhairle
Aireachta
Thuaidh
Theas

2013
Tuarascáil
Bhliantúil



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas

Ar an chlúdach tosaigh

Pictiúr 1 – Bealach an Atlantaigh, Leithinis an Daingin

Pictiúr 2 – Lumiere, le linn fhéile Chathair an Chultúir 2013

Pictiúr 3 – Luí Gréine ar Loch Éirne

Clár

RÉAMHRÁ		1
CAIBIDIL A hAON	Cruinnithe Iomlánacha CATT	2
CAIBIDIL A DÓ	Cruinnithe CATT i bhFormáid Earnála	5
	Talmhaíocht	6
	Oideachas	9
	Comhshaol	13
	Sláinte	16
	Turasóireacht	18
	Iompar	20
	Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	22
	Sábháilteacht Bia	25
	Uiscebhealaí Intíre	27
	Teanga	29
	Cláir Speisialta AE	33
	Forbairt trádála agus Gnó	36
CAIBIDIL A TRÍ	Cruinniú Institiúideach CATT	38
CAIBIDIL A CEATHAIR	For-Rochtain Comhrúnaireachta CATT	40
Iarscríbhinn a hAon	Cruinnithe CATT in 2013	41
Iarscríbhinn a Dó	Comhrúnaireacht CATT	42
Iarscríbhinn a Trí	Baill Boird na gComhlachtaí Thuaidh Theas	43

RÉAMHRÁ

Bhí fócas ar leith ag cruinnithe Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) ar an ghá le tús áite a thabhairt do théarnamh geilleagrach, poist a chruthú, ceartúsáid a bhaint as cistí poiblí agus an dóigh is éifeachtaí le seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh. Cúig chruinniú is fiche a bhí ann den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le linn na bliana, dhá cheann is fiche i bhfoirm earnála, dhá cheann i bhfoirm lomlánach agus ceann amháin i bhfoirm Institiúideach.


Ag na cruinnithe lomlánacha i mBaile Átha Cliath i Mí Iúil agus in Ard Mhacha i Mí na Samhna bhí deis ag na hAirí plé a dhéanamh ar na buncheisteanna atá mar dhúshlán ag an dá dhlínse. Bhí na hAirí sásta go raibh comharthaí le feiceáil maidir le feabhsú sa gheilleagar ach d'aithin siad go raibh deiseanna ann comhoibriú a dhéanamh a bheadh chun leasa na saoránach sa dá dhlínse. Laistigh den chomhthéacs sin, chomhaontaigh CATT gur chóir d'Airí tosaíochtaí a phlé ina n-earnálacha féin, faoi seach.

Is ag cruinnithe earnála a dhéantar formhór obair CATT. Ag an dá chruinniú is fiche a bhí ann san fholmáid seo bhí deis thábhachtach ann maoirseacht a dhéanamh ar obair na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus dul chun cinn a chinntiú ar na Réimsí le haghaidh Comhoibriú. Ó Mhí an Eanáir go dtí Mí an Mheithimh 2013, bhí Uachtaránacht an AE ag Éirinn agus thug na cruinnithe earnála deis luachmhar d'Airí na hÉireann faisnéis a thabhairt d'Airí an Fheidhmeannais ar fhorbairtí le linn na hUachtaránachta s'acu. Léiríodh a thábhachtaí atá maoiniú Eorpach sa phlé agus le linn na bliana d'aithin na hAirí deiseanna le comhoibriú le chéile d'fhonn tarraingt anuas Mhaoiniú AE a uasmhéadú.


Is in Ard Mhacha a bhí gach ceann seachas trí cinn de chúig chruinniú is fiche CATT. Léiríodh arís gurbh fhiú bunús na gcruinnithe a reáchtáil san fhoirgneamh saintógtha i lár Ard Mhacha. Úsáideadh an oifig fosta le for-rochtain thábhachtach a sholáthar do roinnt grúpaí agus eagraíochtaí faoi obair CATT.

Le linn na bliana chuaigh beirt ar scor, mar atá, John Martin, Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann agus Derick Anderson, Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna. Guímid gach rath ar John agus Derick agus iad ar scor agus fáiltímid roimh Dawn Livingstone a bheidh mar Phríomhfheidhmeannach ar Uiscebhealaí Éireann.

Mar fhocal scoir, táimid buíoch de na hoifigigh i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann agus i Ranna Rialtais na hÉireann, de na Comhlachtaí Thuaidh Theas agus dár bhfoireann féin sa Chomhrúnaireacht as a gcomhoibriú agus a gcuidiú luachmhar in 2013.



Colm Shannon
Comhrúnaí (Thuaidh)



Shane O' Neill
Comhrúnaí (Theas)

CAIBIDIL 1: CRUINNITHE IOMLÁNACHA CATT



Toscairí ag an chruinniú Iomlánach CATT in Ard Mhacha 8 Samhain 2013

Ag cruinnithe iomlánacha CATT buaileann Airí Feidhmeannais lena macasamhail i rialtas na hÉireann le maoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú agus obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Bhí dhá chruinniú iomlánacha CATT in 2013, an chéad cheann ar 5 Iúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus an dara ceann ar 8 Samhain 2013 in Oifigí Comhrúnaireachta CATT in Ard Mhacha.

Bhí freastal maith ar an dá chruinniú. Bhí corradh le 20 Aire i láthair ar an dá ócáid agus is é a dúirt an Taoiseach faoi chruinniú iomlánach na Samhna “...an ceann ab fhéarr riamh i dtaca le dearcadh, comhoibriú agus an méid a baineadh amach”.

Is é an Taoiseach Enda Kenny TD a bhí ina cheannaire ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann agus an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an Leas-Chéad-Aire Martin McGuinness CTR a bhí ina gceannairí ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Tá na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh na gcruinnithe le fáil in www.northsouthministerialcouncil.org.

Cúrsaí Airgeadais agus Geilleagair

Chun tosaigh sa phlé ag na cruinnithe iomlánacha bhí staid an Gheilleagair sa dá dhlínse agus na dúshláin fhioscacha atá ag an bheirt acu. Bhí na hAirí sásta faoi na rudaí ar éirigh leo lena n-áirítear Cruinniú Mullaigh G8, an Chomhdháil Infheistíochta a reáchtáladh sa Tuaisceart i Mí Dheireadh Fómhair agus Fóram Geilleagair Domhanda na hÉireann. Chomhaontaigh na hAirí fosta gur chóir dóibh béim

leanúnach a chur ar dhíriú ar théarnamh geilleagrach, ar phoist a chruthú, ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistí poiblí agus ar an dóigh is éifeachtaí le seirbhís a sholáthar dá gcuid saoránach. Aithníodh a thábhachtaí atá sé Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh agus dóthain rochtain ar shochar in earnáil na baincéireachta a chinntiú sa dá dhlínse agus fáiltíodh roimh an ról atá ag NAMA in iasachtaí a chur ar fáil le sóchmainní a fhorbairt ar fud an oileáin.

Chuir an Chomhairle fáilte fosta roimh straitéis Thuaisceart Éireann *‘Le chéile: Pobal Aontaithe a Chothú.*

Tuarascáil na gComhrúnaithe ar Dhul chun Cinn

Ag na Cruinnithe lomlánacha bhí deis fosta ag na Comhrúnaithe tuarascálacha ar dhul chun cinn a sholáthar faoin obair a chuir na Comhrúnaithe chun cinn le bliain. Ar na buncheisteanna bhí na rudaí seo a leanas:

- pleanáil ghnó le haghaidh aonad radaiteipe in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin;
- dul chun cinn ar an chlár oibre chomhaontaithe um chosaint páistí;
- eolas agus taithí a roinnt ar na straitéisí um shábháilteacht ar bhóithre a sholáthar agus bearta le taismigh bhóthair a laghdú arís;
- seoladh fheachtas promóisin Thurasóireacht Éireann ar chostas £15.7 milliún;
- comhoibriú sna réimsí a bhaineann leis na srutháin oibre “Tearcghnóthachtáil Oideachais” agus “Ceannaireacht Mhaith Scoile”;
- dul chun cinn ar na cláir reatha AE agus ar an obair leanúnach ar fhorbairt ar Chláir AE i ndiaidh 2013 maidir le Comhoibriú Trasteorann;
- obair ar chur i bhfeidhm na socruithe do Bhunmhaoiniú don Ghaeilge ag Foras na Gaeilge;
- faomhadh pleananna do Chanáil Uladh; agus
- plé ar an Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT).

TURASÓIREACHT

D’aithin airí a thábhachtaí atá Tionscal na Turasóireachta don gheilleagar sa dá dhlínse agus ba mhór leo gur éirigh le roinnt mórtionscnaimh turasóireachta in 2013 go háirithe *“Cluichí Phóilíní agus Lucht Dóiteáin an Domhain, Tóstal Éireann 2013 agus ceiliúradh Dhoire mar Chathair Chultúrtha na Ríochta Aontaithe.*” Bhí na hairí ag dúil fosta leis an Giro d’Italia a reáchtáil i dThuaisceart Éireann. Tá gné thrasteorann ag baint leis an Giro mar bíonn na rothaithe ag taisteal ó Ard Mhacha go Baile Átha Cliath.

Cúrsaí AE

Is ag Éirinn a bhí Uachtaránacht an AE sa chéad leath de 2013 agus ag cruinnithe CATT bhí deis mhaith ag Airí na hÉireann faisnéis a thabhairt d'Airí Feidhmeannais ar na príomhcheistanna atáthar a thabhairt chun tosaigh le linn a n-uachtaránachta. D'aithin an dá rialtas gur tosaíocht thábhachtach é maoiniú AE a fháil.

Fostaíocht don Aos Óg

Thug na hAirí dá n-aire an méid daoine óga atá dífhostaithe sa dá dhlínse, phléigh siad Ráthaíocht d'Aos Óg an AE agus chomhaontaigh siad gur cóir, nuair is féidir, don dá rialtas comhoibriú le chéile chun dul i ngleic leis an cheist. D'fháiltigh siad roimh an chomhoibriú leanúnach idir an Roinn Oideachais agus Foghlama agus an Roinn Coimirce Sóisialaí le dul i ngleic le ceist na hÓg-dhífhostaíochta.

Tionscnamh Gateway an Iarthuaiscirt

Ba mhór ag na hAirí an dul chun cinn a rinneadh trí Thionscnamh Gateway an Iarthuaiscirt ar réimse tionscnamh, a seachadadh agus a pleanáladh, arb é a gcuspóir buntáistí geilleagracha agus sóisialta a sholáthar san Iarthuaisceart. Ag an chruinniú i Mí na Samhna bhí na hAirí ag dréim le tuairisc a fháil ar thoradh chomhairliúcháin leanúnach na bpáirtithe leasmhara ag cruinniú Insitiúideach CATT amach anseo.

Comhaontú Chill Rímhinn

Chomhaontaigh an Chomhairle go bpléifeadh na hAirí a dtosaíochtaí faoina réimsí eanála faoi seach agus go bpléifí toradh na hoibre sin ag cruinniú Institiúideach CATT sa todhchaí mar chuid d'athbhreithniú leanúnach.

Fóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas

Pléadh staid reatha an Fhóraitm Chomhairliúcháin Thuaidh Theas ag an dá chruinniú lomlánacha. Chomhaontaigh na hAirí go n-amharcfaí air sin ag cruinniú lomlánach amach anseo.

CAIBIDIL A DÓ: CRUINNITHE CATT I bhFORMÁID EARNÁLA

Sa rannán seo tá achoimre ar chruinnithe CATT i bhformáid earnála in 2013. Tá comhráitis na gcruinnithe seo le fáil in www.northsouthministerialcouncil.org .

Talmhaíocht



Cruinnithe Talmhaíochta

Bhí cruinnithe Talmhaíochta CATT ann ar 10 Iúil agus 13 Samhain 2013. Ag an dá chruinniú bhí Michelle O' Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe, Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta Bia agus Mara, Aire Sóisearach OCALCA Jonathan Bell CTR agus Fergus O'Dowd TD, Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil Pobail agus Rialtais Áitiuil.

Comhoibriú ar Shláinte Ainmhithe

Chomhaontaigh na hAirí go bhfuil sé tábhachtach go leanfaí leis an obair ar an Phlean Gníomhaíochta Uile-Oileáin ar Straitéis um Shláinte agus Leas Ainmhithe, go háirithe:

- go gcuirfeadh i bhfeidhm i Samhain 2013 na Rialacháin um Thinneas Capaill Afráice (TÉ) 2013 agus tá a mhacasamhail de reachtaíocht idir lámha ag DTBM de réir an chuir chuige Uile-Oileáin le déileáil le Tinneas Capaill Afráice má tharlaíonn briseadh amach den ghalar eipeasódach seo;
- go leanfaidh oifigh leis an obair lena fháil amach an féidir comhplean teagmhais a bheith ann maidir le hacmhainní a sholáthar in Éirinn;
- go bhfuil obair ar siúl ag oifigh le tosaíochtaí ar fhaireachas galair faoi seach a bhunú d'fhonn comhaontú ar thosaíochtaí faireachais uile-oileáin ;

- go mbeidh oifigigh an dá dhlínse i bpáirt le chéile ar fad, agus le ranna Rialtais na Breataine le réimse de cheisteanna faoi chlárú capaill a phlé; agus
- an obair leanúnach atá goifigigh agus ionadaithe ó thionscail a dhéanamh le smacht a fháil ar Bhuinneach Víreasach Bhólachta agus Galar Johne.

Chomhaontaigh an Chomhairle go bhfiosróidh oifigigh an féidir cur chuige “Uile-Oileáin” a bheith ann maidir le hainmhithe fiáine i sorcais agus go gcuirfidh siad a dtuairiscí i láthair ag cruinniú Talmhaíochta de chuid CATT amach anseo.

Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus Ceisteanna faoi Thrádáil Idirnáisiúnta

Ag na cruinnithe thug an Chomhairle dá n-aire forbairtí ar CBT lena n-áirítear cur i gcrích an chomhaontaithe pholaitiúil ar leasú CBT idir Comhairle Airí an AE agus Parlaimint na hEorpa i Meán Fómhair 2013. Thug Airí dá n-aire gur chóir glacadh faoi dheireadh 2013 leis na téacsanna dlí a tharla mar gheall ar an chomhaontú pholaitiúil seo, agus chomhaontaigh siad gur chóir leanstan leis an dlúthchumarsáid idir oifigigh RTFT agus DTFM ar chúrsaí CBT .

Ag an dá chruinniú phléigh na hAirí forbairtí i dTrádáil Idirnáisiúnta.

Sláinte Plandaí

Chomhaontaigh an Chomhairle go n-oibreoidh an dá Roinn Talmhaíochta go dlúth le chéile d'fhonn prótacal do bhogadh spreotaí learóg trasna na teorann.

Phléigh na hAirí agus d'aithin siad na rudaí a leanas:

- comhoibriú leanúnach trasteorann le hiarracht a dhéanamh galair chrainn a smachtú agus deireadh a chur leo;
- go bhfuiltear ag cur i bhfeidhm na Straitéise Uile-Éireann um Chríonadh Siar a Smachtú, straitéis a seoladh in Iúil 2013 le déileáil le briseadh amach Chríonadh Siar Fuinseoige ;
- comhoibriú leanúnach ar dhiagnóisicí saotharlainne;
- plé leanúnach maidir le féidearthacht reachtaíocht réamhfhógartha a thabhairt isteach ar dhóigh chomhordaithe do speicis áirithe crainn;
- comhoibriú leanúnach ar an chóras reachtúil atá molta do Shláinte Plandaí AE;
- comhoibriú leanúnach ar Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta don Treoir ar Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus suirbhéanna ar úsáid lotnaidicídí; agus
- rún na RTFT na hacmhainní a mhéadú a sholáthraítear do shláinte plandaí.

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn a sholáthraigh an Coiste Stiúrtha um Shláinte Plandaí agus Lotnaidicídí maidir lena chlár oibre a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- comhoibriú ar an chóras reachtaíochta AE nua atá molta um Shláinte Plandaí;
- an reachtaíocht réamhfhógartha chomhordaithe atáthar le tabhairt isteach do roinnt speicis crainn; agus
- acmhainn fhairsing saotharlainne curtha ar fáil ag an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha don Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara.

Leas capall

Thug Airí dá n-aire go dtiocfaidh oifigigh le chéile lena fháil amach an féidir bunachar sonraí láraithe uile-oileáin do phasanna capaill a bheith ann le feabhas a chur ar shábháilteacht an chórais aitheantais capaill. Chomhaontaigh an Chomhairle dá mbeadh mórcheisteanna faoi leas agus tréigean capall ann le linn gheimhreadh 2013/14, go ndéanfaí beart ar bhonn uile-oileáin.

Forbairt Tuaithe

Ba mhór ag Airí dul chun cinn mhaoiniú INTERR IVA do thionscadail straitéiseacha um forbairt tuaithe trasteorann, agus thug siad dá n-aire gur cuireadh i gcrích an tionscadal Cumasóirí Tuaithe maoinithe ag Peace III a chomhlíon a chuid spriocanna uilig faoi dhíriú ar cheisteanna a bhain le heasaontas i bpobail tuaithe.

Ba mhór ag an Chomhairle:

- an chomhdháil Thuaidh Theas ar forbairt tuaithe a reáchtáladh i nDeireadh Fómhair 2013 a chuideoidh leis an chlár LEADER a sholáthar; agus
- An fógra go dtacófar le rannpháirtíocht chreideamhbhunaithe i measc muintir na tuaithe

Chomhaontaigh Airí go n-eagródh oifigigh Comhdháil Thuaidh Theas in 2014 ar forbairt tuaithe. Forbróidh an chomhdháil tuilleadh smaointe faoi chomhoibriú agus tuilleadh oibre d'fhonn tionscadail luatha a sheachadadh agus d'aithin siad réimse na mbeart atáthar a sheachadadh faoi láthair chun tacú le forbairt tuaithe trasteorann trí chlár reatha INTERREG.

Thug an Chomhairle dá haire an rún téama ar leith a chruthú le tacú le comhoibriú uile-oileáin taobh istigh de Chláir Forbartha Tuaithe nua an dá dhlínse.

Oideachas



Cruinnithe Oideachais

Reáchtáladh cruinnithe oideachais CATT ar 27 Feabhra agus 8 Samhain 2013. D'fhreastail na daoine a leanas ar an dá chruinniú: Ruairí Quinn TD, Aire Oideachais agus Scileanna, John O'Dowd, CTR, Aire Oideachais agus Nelson McCausland, CTR, Aire Forbartha Sóisialta.

Obair san Earnáil sa Todhchaí

Mhol an Chomhairle an rannpháirtíocht rathúil ardleibhéil a bhí ann idir oifigigh sa dá Roinn Oideachais, cóimheas an réimse comhoibrithe atá ann faoi láthair idir an dá Roinn Oideachais agus chomhaontaigh siad an clár oibre oideachais don todhchaí a sainiú. Taobh istigh de sin tá:

- Tuarascálacha Comhchigireachta ar Litearthacht agus Uimhearthacht;
- Tionscnaimh le díriú ar Thearcghnóthachtáil agus Míbhuntáiste san Oideachas; agus
- Obair le Ceannaireacht Mhaith Scoile a chur chun cinn.

Lena chois sin, chomhaontaigh Airí socruithe faoi bhainistíocht, faoi mhaoirsiú agus faoi thuairisciú a forbraíodh mar gheall ar an phlé idir na Ranna agus go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn sna cúrsaí sin a phlé ag an chéad chruinniú Aireachta CATT eile in 2014.

Comhoibriú idir Cigireachtaí

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil na gCigireachtaí Oideachais ar an chomhoibriú struchtúrtha eatarthu lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht i gcláir forbartha gairmiúla;
- Cigirí a mhalartú;
- comhchigireachtaí ar thionscadail speisialaithe; agus
- cruinnithe rialta ag foirne bainistíochta sinsearaí sa dá Chigireacht.

Mhol agus d'fhaomh Airí iarrachtaí leanúnacha le bearta comhoibrithe a mhéadú ar cheisteanna a phléifear go luath in 2014 leis na rudaí seo a chuimsiú:

- Fianaise nua ar fheabhsú san fhoghlaim ó mheasúnú DEIS (Plean Gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna le dul i ngleic le míbhuntáiste san oideachas) ;
- Cigirí a mhalartú thuaidh-theas agus thoir-thiar;
- Forbairtí i gcleachtas cigireachta, thuaidh agus theas;
- Féachaint an féidir chomhpháirtíocht a bheith ann i bhforbairt ghairmiúil do chigirí; agus
- Rannpháirtíocht cigirí (ag a bhfuil údarás) ar fhoirne cigireachta sa dá dhlínse.

Ba mhór ag an Chomhairle go bhfoilseofar tuairisc go mall in 2014 ar an chomhobair Thuaidh-Theas ar uimhearthacht ag leibhéal bunoidreachais.

Thug Airí dá n-aire go ndéanfar tuarascáil dul chun cinn ar na cúrsaí seo ag an chéad chruinniú eile CATT.

Riachtanais Speisialta Oideachais

Ba mhór ag na hAirí an dul chun cinn atá an dá Roinn agus Lárionad Choillidh Chanannáin a dhéanamh le réimse seirbhísí an Lárionaid a mhéadú ó cuireadh tús leis an mhéadú in Aibreán 2013. Ba mhór leo fosta gur fhorbair an lárionad cúrsaí earcaíochta, rud a chiallaíonn go mbeidh dul chun cinn leanúnach i soláthar seirbhísí do pháistí, do dhaoine gairmiúla agus do thuismitheoirí.

Tearcghnóthachtáil Oideachais

Thug Airí dá n-aire gur tháinig an Grúpa Oibre um Thearcghnóthachtáil Oideachais (GOTO) le chéile ar 4 Meán Fómhair 2012 lena gclár oibre a athbhreithniú, agus gur bhain an grúpa cuid mhór amach maidir le comhoibriú agus dea-chleachtas a roinnt.

I ndiaidh athbhreithniú ar obair GOTO, thug an Chomhairle dá haire gur cinneadh go mbeadh níos mó fócais ar pholasaithe pobalbhunaithe le go mbeidh toradh oideachasúil leis. I dtús báire díreoidh sin ar anailís a dhéanamh ar na rudaí seo:

- staidéar idirnáisiúnta ar thagarmharcáil;
- idirghabhálacha scoilbhunaithe agus sóisialta le tabhairt faoi thearcghnóthachtáil; agus
- an tionchar atá ag socrúcháin réamhscoile ar ghnóthachtáil ag an bhunleibhéal.

Thug an Chomhairle dá haire an comhoibriú reatha idir an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ar tháirgeadh dhá Thuarascáil Comhchigireachta Thuaidh/Theas a fhoilseofar ar a suímh ghréasáin, faoi seach:

- Treoracha Dea-chleachtas i Soláthar Litearthachta ag Leibhéal Iarbhunskoile (go luath in 2014); agus
- Treoirlínte Dea-Chleachtas i Soláthar Litearthachta ag Leibhéal Iarbhunoideachais (go luath in 2014)

Ba mhór ag Airí tacaíocht leanúnach na Roinne Oideachais do thionscnaimh uile-oileáin a chuireann chun cinn litearthacht, a eagraíonn Leabhair Pháistí Éireann, agus uimhearthacht trí Sheachtain na Matamaitice agus thug siad dá n-aire gur seoladh an dara bliain d'fheachtas fógraíochta na Roinne Oideachais ar 1 Deireadh Fómhair 2013. Déanfaidh an Grúpa Oibre plé leanúnach ar na deiseanna a d'fhéadfadh a éirí as níos mó comhoibriú comh-Ranna trí nascálacha ar shuímh ghréasáin.

Malairtí Scoile, Óige agus Múinteoirí

Thug an Chomhairle dá haire obair leanúnach leis na moltaí a chur i bhfeidhm a bhfuil cuntas orthu i dtuarascáil mheasúnaithe na comhchigireachta i dtionscadal na dTeorainneacha Díscailte, le béim ar leith ar dhul chun cinn a chinntiú ar thuilleadh féinmheasúnaithe i dtionscadail. Cuireadh fáilte fosta roimh an rath a bhí ar an chraoladh beo físdhála ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i mBealtaine 2013 ag ceiliúradh Lá na dTeorainneacha Díscailte.

Ba mhór ag na hAirí obair leanúnach Chlár Malartaithe Ógra Causeway agus obair an Choiste ag Caighdeán Oideachais agus Oiliúna Thuaidh Theas (COOTT) um Obair don Aos Óg in Éirinn.

Cáilíochtaí Múinteoireachta

Soghluaiseacht Múinteoirí

Ba mhór ag an Chomhairle an dul chun cinn a tuairiscíodh ag cruinniú an Ghrúpa Oibre Thuaidh Theas um Cháilíochtaí Múinteoireachta (GOTTM) ar 19 Meán Fómhair 2013 ar chur i bhfeidhm mholtaí na comhthuaisce ón dá Chomhairle Múinteoirteachta ar chonstaicí atá sa bhealach ar shoghluaiseacht múinteoirí.

Ba mhór ag Airí fosta cinneadh Chomhairle Múinteoireachta Éireann (CMÉ) i Mí na Nollag 2012 an táille a chealú ar cháilíochtaí múinteoirí ón Tuaisceart atá creidiúnaithe faoi láthair ag An Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do Thuaisceart Éireann (CGTTÉ).

Thug na hAirí dá n-aire go bhfuil CMÉ i gcomhar le CGTTÉ ag obair le measúnú ar cháilíochtaí múinteoirí a shimpliú chun crícha a gcláraithe le CMÉ.

Clár Oibre Thuaidh/Theas don Ghaeilge

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an chomhaontú chomhoibríoch a rinneadh idir Institiúid Oideachais Marino agus Ollscoil Uladh faoi chuidiú agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn ón Tuaisceart, agus na réigiúin cois teorann, atá ag iarraidh tabhairt faoin Scrudú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge & Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge, agus thug sí dá haire go bhfuil rún ag Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste cead a iarraidh ar CMI an cháilíocht sa teanga a sheachadadh, b'fhéidir i bhfoirm ar líne.

Ba mhór ag na hAirí an dul chun cinn a rinneadh leis an chlár oibre chomh-mhainithe in earnáil na Gaeilge a chur i bhfeidhm don bhliain acadúil 2012/13, agus gur fhaomh an GOTTCM (agus a fhoghrúpa Gaeilge) i bprionsabal go ndéanfaí síniú ar an chlár do 2013/14 atá le faomhadh go fóill ag an dá Roinn.

Thug an Chomhairle dá haire fosta gur thoiligh GOTTCM measúnú neamhspleách a choimisiúnú ar chlár comhoibríoch oibre in earnáil na Gaeilge go dtí seo agus tá sí ag dréachtadh téarmaí tagartha don mheasúnú. Tá an Grúpa Oibre ag smaoineamh ar fhócas an chláir chomhoibríoch a leathnú agus cur chuige níos straitéisí a ghlacadh lena sheachadadh.

Buanchomhdháil ar Oideachas Múinteoirí Thuaidh agus Theas (BCaOMTT)

Thug an Chomhairle dá haire go raibh an 11ú comhdháil BCaOMTT ann ar 10/11 Deireadh Fómhair 2013 i Sligeach. Ba é an teideal a bhí uirthi ná Teagasc a Foghlaim; An Ghairm a Athshamhlú. Ba iad an tAire Oideachais agus an tAire Stáit d'Oiliúint agus Scileanna a d'oscail í.

Thug na hAirí dá n-aire fosta go bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Oideachais agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama i gcomhairle le chéile faoi mhaoiniú sa todhchaí do BCaOMTT agus go bhfreastalóidh ionadaithe ó na trí roinn sin mar bhreathnóirí ag cruinniú amháin de Choiste Bainistíochta BCaOMTT in aghaidh na bliana – beidh na hionadaithe Roinne ag freastal ar a gcéad chruinniú i Mí Feabhra 2014.

An Comhshaol



Cruinnithe Comhshaoil

Bhí dhá chruinniú Comhshaoil CATT in 2013 ar 23 Aibreán agus 30 Deireadh Fómhair. I láthair ag an dá chruinniú bhí Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí. I láthair ag cruinniú mhí Aibreáin bhí Alex Attwood CTR, Aire Comhshaoil, agus bhí a chomharba mar Aire Comhshaoil, Mark H Durkan i láthair ag cruinniú Dheireadh Fómhair.

Cúrsaí an AE

Phléigh na hAirí an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránachta na hÉireann ar an Aontas Eorpach lena n-áirítear cruinniú neamhfhoirmiúil Chomhairle Chomhshaoil an AE a reachtáladh i mí Aibreáin, go háirithe ceist chaighdeán an aeir, ceann de mhórhéamaí an chruinnithe.

Bainistíocht dramhaíola

I Staidéar Indéantachta Uile-oileáin ar Bhainistiú Dea-chleachtais Athúsáidte Dramhaíola Téagartha, a foilsíodh i Mí Iúil, fuarthas amach go raibh deis ann athúsáid dramhaíola téagartha a mhéadú in Éirinn bunaithe ar an éileamh ó eagraíochtaí athúsáidte. Déanfar tuilleadh plé ar an tuairisc seo ag an Ghrúpa Stiúrtha Thuaidh Theas um Margaíocht a Fhorbairt.

I Mí Dheireadh Fómhair 2013, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil Straitéis Bainistithe Dramhaíola athbhreithnithe do Thuaisceart Éireann a bhogann an fócas bainistithe dramhaíola ó bhainistiú acmhainní go héifeachtúlacht acmhainní, rud is léir ón teideal "Éifeachtúlacht Acmhainní a Sholáthar".

Ó tharla gur tugadh isteach tobhach ar mhálaí siopadóireachta i dThuaisceart Éireann, caithfear íoc as málaí siopadóireachta ar fud na hÉireann.

Foilsíodh an tuarascáil ar an tsuirbhé uile-oileáin ar bhoinn rotha úsáidte, rud a léirigh go raibh leibhéal suntasach ann in athchursáil bonn rotha athúsáidte. Tá an Roinn Comhshaoil ag déanamh athbhreithnithe ar a Plean Gníomhaíochta um Bhoinn Dramhaíola le go gcuimseofar ina Tuarascáil um Bhoinn Úsáidte an dá mholadh déag athbhreithnithe a rinne an Coiste Comhshaoil.

Bogadh Dramhaíola Trasna na Teorann

Críochnaíodh an obair ar an dá shuíomh i gClochar, Contae Thír Eoghain (Seisceann Odhar agus Eisceach) obair a pleanáladh i gclár 2012-2103. San iomlán, baineadh corradh le 15,000 tonna dramhaíola ón dá shuíomh. Tá críoch curtha le hobair ag 6 cinn de 15 cinn de shuímh shainaitheanta. Táthar le dramhaíl a ghlanadh de 9 suíomh atá fágtha. Tá aisdúichiú le cur i gcrích ar thrí shuíomh le linn 2013-14 agus rinneadh oibreacha imscrúduithe suímh ar an chéad suíomh i dTír Eoghain. Tosaíodh ar dhramhaíl a bhaint ar shiúl ón tsuíomh seo go luath i Mí Dheireadh Fómhair 2013.

Bhunaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Creat-Chomhaontú um Dhramhaíl Aisdúichithe a Dhiúscairt, agus tá sí ag cur leis an phróiseas phoiblí soláthair le haghaidh tarlú dramhaíola tochailte go dtí áiseanna diúscairte údaráithe.

Cuireann an dá hAire Comhshaoil agus a Ranna béim ar chomhbheart le déileáil le hoibreoirí neamhdhleathacha chomh maith le díriú ar acmhainní a bheith ann don bheart seo.

Cáilíocht an Uisce

Tá comhordú leanúnach ar siúl idir an dá dhlínse maidir le hullmhúcháin don dara sraith de phleananna bainistíochta abhantraí in Éirinn Thuaidh agus Theas faoi Chreat-Treoir Uisce AE.

Comhordú leanúnach maidir le Scéimeanna um Chósta Glan agus Cúram Cóstaí agus an siompóisiam ina raibh ionadaithe ón dá dhlínse.

Cuimsíonn an Scéim um Chósta Glan agus Cúram Cósta (tionscnamh na Breataine Bige/na hÉireann) cósta na hÉireann. Éascaítear í trí chomhpháirtíocht idir Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, An Taisce agus Bailte Slachtmhara Thuaisceart Éireann.

Cuireadh fáilte roimh ghnóthachtaí dhuaisianna an Bhrait Ghoirm sa dá dhlínse. Aithníodh go bhfuil laghdú ón bhliain roimhe toisc gur leagadh síos sa Treoir um Uisce Snámha athbhreithnithe critéir níos righne do bhronnadh duaisianna.

I dTuaiceart Éireann bhí torthaí fíormhaithe ag an uisce snámha, chomhlíon an 23 suíomh sainaitheanta na caighdeáin éigeantacha. De na 23 suíomh, chomhlíon 20 na caighdeáin is airde de threoirlínte sa Treoir agus sin na torthaí is fearr ó sainaitníodh na bunsuímh in 1994.

Cosaint an chomhshaoil

Comhaontaíodh deiseanna eile chun comhoibriú chun leasa an dá dhream le cuir chuige beartais níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a éascú i gcomhthéacs Threoirlínte AE ar Cháilíocht Aeir. D'fhonn cáilíocht an aeir a fheabhsú ar bhonn 'uile-oileáin', faomhadh téarmaí tagartha do staidéar le himscrúdú a dhéanamh ar thruailliú a iompraítear san aer ó ghual i gceantair cónaithe a dhóitear agus a chaitheann uaidh toit, agus scrúdú a dhéanamh fosta ar na himpleachataí sóisialta agus geilleagracha a bheadh ar roghanna áirithe beartais. Chomh maith leis sin, tugadh cur i láthair do na hAíre ar an staidéar atá molta ar thaighde a dhéanamh ar cháilíocht an aeir ar fud an oileáin. Táthar ag súil go mbeidh an staidéar críochnaithe roimh Mhárta 2013.

Tuairisciú agus Taighde Comhshaoil

Tá ag éirí ar bhonn leanúnach le compháirtíocht taighde QUESTOR maoiniú Eorpach a fháil do thionscadail maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht an chomhshaoil a bhaineann le hÉirinn Thuaidh agus Theas, leis an Eoraip agus an domhan. D'éirigh le compháirtíocht taighde QUESTOR ar na malllaibh maoiniú a fháil do thionscadal taighde Chreat-chláir le teicneolaíochtaí nuálacha a sheachadadh agus le seachadadh fuinnimh a bharrfheabhsú ar feadh shlabhra soláthair na bitmhaise.

I ndiaidh buntaighde a rinne an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar na hiarmhairtí comhshaoil atá ann de bharr scoilteadh hidrálach, táthar ag pleanáil staidéar taighde níos cuimsithí. Bhí na Téarmaí Tagartha don staidéar seo faoi réir phróisis comhairliúcháin poiblí, a raibh deireadh leis ar 8 Márta 2013.

Ag deireadh 2013 foilsíodh an dara Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil a rinne Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann.

Rinneadh athbhreithniú ar chlár taighde GCC, STRIVE (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Nuálaíocht don Chomhshaoil) agus tá sé i gceist clár taighde nua a fhorbairt don tréimhse 2014-2020.

Cuirfidh an Reachtaíocht atá faoi láthair os comhair an Oireachtais, ar chumas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, maoiniú a sholáthar le haghaidh taighde ar bhonn uile-oileáin.

Sláinte



An tAire Poots agus an tAire Fitzgerald ag an Chomhdháil um Chosaint Leanaí i nDún Dealgan, Bealtaine 2013

Cruinniú Sláinte

In 2013 reáchtáladh cruinniú Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar Shláinte agus Shábháilteacht Bia in Oifigí Comhrúnairachta CATT, Ard Mhacha ar 18 Deireadh Fómhair 2013. I láthair ag an chruinniú bhí James Reilly TD, Aire Sláinte, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, agus Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe. An tAire Reilly a bhí ina chathaoirleach ar an chruinniú.

Sláinte a chur chun cinn

Phléigh na hAirí réimse de cheisteanna a bhain le cur chun cinn sláinte. Orthu sin bhí an dul chun cinn a rinneadh ar straitéisí leis an dochar a chosc a bhaineann le mí-úsaid alcóil sa dá dhlínse. Tá obair leanúnach ar siúl ag an Ghrúpa Polasaí Alcóil Thuaidh/Theas. Bronnadh comhchonradh le taighde/Measúnú ar Thionchar ar Shláinte a dhéanamh ar íosphearsáil aonaid. Meastar go mbeidh an taighde seo ar fáil go luath in 2014.

Mhol na hAirí an dul chun cinn a rinneadh ar straitéisí agus tionscnaimh leis an iomarca meáchain agus murtall a chosc sa dá dhlínse, mar an Chreat um Murtall a Chosc, Calrafheasach agus Lipéadú ar Aghaidh Pacáiste agus bearta eile in Éirinn faoi stiúir an Ghrúpa Speisialta Gníomhaíochta ar Mhurtall agus an comhaontú ag leibhéal AE ar Phlean Gníomhaíochta um Murtall i Measc Leanaí.

Ba mhór ag na hAirí gur seoladh ar 3 Deireadh Fómhair Tuairisc an Ghrúpa Athbheithnithe Polasaí ar Thobac dar teideal Éire Saor ó Thobac. Reáchtáladh Comhdháil Uile-Éireann Tobac i Samhain 2013.

Pléadh ceist an fhéinmharaithe, go háirithe i measc fir óga agus d'fháiltigh na hAirí roimh fhoilsiú tuarascáil Uile-Éireann "Tionscadal um Fhir Óga agus an Féinmharú" a comhsheoladh in Eanáir 2013.

Tugadh faisnéis do na hAirí ar Straitéis nua Thuaisceart Éireann ar Chothú Cíche rud a ndearna siad plé air. Sa straitéis tá bearta le haghaidh comhoibriú le hÉirinn lena n-áirítear deiseanna a fhiosrú do thaighde uile-oileáin agus feachtais le feasacht a spreagadh agus leis an phobal a spreagadh le glacadh le cothú cíche, go háirithe cothu cíche poiblí.

Comhoibriú ar Thaighde ar Ailse agus Sláinte

Tugadh tuarascáil chun dáta ar an phróiseas pleanála gnó le haonad nua radaiteiripe a bhunú in Allt Mhic Dhuibhleacháin. Táthar le tosú ar thógáil na háise in Earrach 2014 agus meastar go gcríochnófar an obair faoi Shamhradh 2016. D'fhorbair oifigigh ón dá dhlínse téacs comhaontaithe do Mheamram Tuisceana ar an tionscadal agus tá siad ag comhoibriú lena chinntiú go seachadófar comhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an aonad a oibriú.

Maidir leis an chlár taighde, thug na hAirí aitheantas don dul chun cinn leanúnach atá ar siúl i gcónaí trí Chuibhreannas Ailse Institiúid Ailse Éireann Thuaidh – Theas - Náisiúnta.

D'aithin na hAirí an rath leanúnach atá ar Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann. Lena chois sin, tá rún ag an Chomhpháirtíocht feasacht a spreagadh go hidirnáisiúnta ar an luach a chuireann sé le taighde fíormhaith, ag díriú ar chúram sláinte a fheabhsú chomh maith le sláinte an phobail agus forbairt gheilleagrach.

Cosaint Páistí

Sheol an tAire Fitzgerald agus an tAire Poots an Chomhdháil Uile-Éireann um Chosaint Leanaí i mBealtaine 2013, comhdháil ar éirigh go breá léi. D'fhreastail corradh le 250 ón Tuaisceart agus ón Deisceart agus chuidigh sí le cleachtóirí, bainisteoirí, agus lucht déanta beart agus reachtaíochta ón dá dhlínse le heolas ar chleachtas, taighde, taithí agus foghlaim a roinnt maidir le cleachtas sábháilteachta agus cosanta páistí.

Rinne na hAirí athbhreithniú ar an dul chun cinn leanúnach leis an chlár oibre chomhaontaithe um chosaint páistí agus d'aontaigh siad go dtuairisceofar amach anseo ag cruinnithe CATT aon dul chun cinn ar bith eile a dhéantar ar obair ar an chlár um chosaint páistí.

Cúrsaí AE

D'aithin na hAirí go raibh coimhoibriú suntasach Thuaidh/Theas le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear páirtíocht Edmund Poots agus a chuid oifigeach ag ócaidí tábhachtacha lena n-áirítear Cruinniú Neamhfhoirmiúil na nAirí Sláinte, an comhchruinniú de Phríomhoifigigh Leighis agus Altranais agus ag Comhdháil Ríomhsheirbhísí Sláinte. Pléadh an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránachta na hÉireann.

Turasóireacht



Aire Turasóireachta na hÉireann, Leo Varadkar (an dara duine ó chlé) agus Aire Turasóireachta an Fheidhmeannais Arlene Foster (lár) le Brian Ambrose, Cathaoirleach Thurasóireacht Éireann; Niall Gibbons, POF Thurasóireacht Éireann; agus Howard Hastings, Cathaoirleach BTTÉ, ar sheastán Thurasóireacht Éireann in Berlin

Cruinniú Turasóireacht

Tá Turasóireacht Éireann freagrach as Éirinn uilig a mhargú thar sáile mar cheann scríbe ag turasóirí. Tá Bord aici ar a bhfuil 12 stiúrthóir a cheapann CATT. Is iad Brian Ambrose agus Jim Flannery an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach. Tá liosta na stiúrthóirí reatha in Iarscríbhinn a Trí. Is é Niall Gibbons Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.tourismireland.com.

Reáchtáladh cruinniú de Thurasóireacht CATT ar 26 Meitheamh 2013. I láthair ag an chruinniú bhí Arlene Foster CTR, Aire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus John O'Dowd CTR, Aire Oideachais.

Léirigh an forbheathnú ar fheidhmíocht do 2011 gur tháinig méadú ar chuairoteoirí as tíortha eile den chéad uair ó 2007. Cé gur admhaigh na hAirí gur tháinig laghdú ar líon na gcuairoteoirí go hÉirinn ón Bhreatain le tamall de bhlianta, ba mhór leo an obair atá déanta ag an Tascfhórsa do Théarnamh Turasóireachta, ina bhfuil

Turasóireacht Éireann, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, Fáilte Éireann agus ionadaithe tionsclaíochta, ar fhorbairt Straitéis do Bhealach chun Fáis na Breataine le díriú ar an cheist seo. Thug na hAirí dá n-aire moltaí na straitéise seo a chuirfidh Turasóireacht Éireann i bhfeidhm in 2013 agus ina dhiaidh sin.

Bhí méadú ar líon na gcuairteoirí ó mhargaí seachas an Bhreatain i gcomórtas leis an tréimhse chéanna in 2012. Tháinig méid suntasach cuairteoirí ó Thuaisceart Mheiriceá agus ó Mhór-Roinn na hEorpa.

Thug an cathaoirleach agus an POF an nuacht is deireanaí do na hAirí ar obair Bhord Turasóireacht Éireann ina raibh cur i bhfeidhm Phlean Gnó 2013 agus forbairt Phlean Corparáideach 2014-16. Thug na hAirí dá n-aire na dúshlán leanúnacha agus an timpeallacht iomaíoch do thurasóireacht idirnáisiúnta a tharla mar gheall ar na coinníollacha geilleagracha domhanda.

Tugadh faisnéis don Chomhairle faoi bhuaicphointí an fheachtais margaíochta in 2013, go háirithe na feachtais dhomhanda do Thóstal Éireann 2013 agus Cathair Chultúrtha na Ríochta Aontaithe 2013, taispeántas Léim isteach i dTuaisceart Éireann ag Parlaimint na hEorpa, agus tionscnamh Ghlasú an Domhain faoi Lá Fhéile Pádraig. Cuireadh tús le suíomh gréasáin Ireland.com ag tús na bliana, arb é a chuspóir tacú le 30 margadh aonair.

Trína plean corparáideach a fhorbairt don tréimhse 2014-16 tá Turasóireacht Éireann ag déanamh imscrúdú ar roinnt téamaí lena n-áirítear:

- Eolas ar bhranda agus ar ábharthacht a fheabhsú;
- Rannpháirtíocht tomhaltóirí a chothú;
- Tairbhe a bhaint as buanna Thuaisceart Éireanna agus tógáil orthu;
- Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí rathúla a chothú;
- Acmhainní a fhócasú le dul san iomaíocht agus le bua a fháil;
- Feidhm a bhaint as an chumhacht atá le margaíocht dhigiteach; agus
- Meadraigh shuntasacha a fhorbairt le treoir a sholáthar d'infheistiú.

Thug an Chomhairle dá haire Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Turasóireacht Éireann do 2012, agus d'fhaomh sí Plean Gnó agus Buiséad an Chomhlachta do 2013.

Iompar



Cruinnithe Iompair

Bhí dhá chruinniú Iompair CATT in 2013, ar 17 Aibreán agus 28 Samhain. Ag an dá chruinniú bhí an tAire Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí. Bhí an tAire Attwood CTR, Aire Comhshaoil ag an chruinniú i Mí Aibreáin agus a chomharba an tAire Mark H Durkan ag an chruinniú i Mí na Samhna.

Bóithre

Maidir le mórtionscadail bóithre, dhearbhaigh na hAirí go raibh siad tiomanta do scéim bhóthair an A5, ag glacadh le rialú na Cúirte i Mí Aibreáin a chuir moill ar an tionscadal. Thug an chomhairle dá haire go gcuirfead tús leis an chomhairliúchán poiblí don Ráiteas Comhshaoil nuashonraithe in Earrach 2014. Dhearbhaigh Rialtas na hÉireann fosta go raibh sé tiomanta d'airgead a sholáthar don tionscadal.

Aithníodh go ndearnadh dul chun cinn maith in oibreacha tógála scéim an A8. Meastar go gcríochnófar sin roimh Earrach 2015.

Comhaitheantas do Phointí Pionóis

Lean plé idir na ranna ábhartha faoin cheist thábhachtach seo le linn 2013. Léirigh comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann go

raibh formhór na ndaoine i bhfách leis an bheart chasta forfheidhmiúcháin trasteorann do shábháilteacht ar bhóithre. D'aithin na hAirí gur dheacair an tionscadal casta seo a sheachadadh agus bhí dlúth-theagmháil idir na ranna ar feadh na bliana nuair a bhíothas ag aithint deacrachtaí teicniúla. Tá Oifigigh agus Airí ag leanstan de bheith ag obair go dlúth le chéile le teacht ar an dóigh is fóirsteanaí le dul ar aghaidh.

Sábháilteacht d'Úsáideoirí Bóithre

Ó tharla gur thug na hAirí dá n-aire gur léirigh líon na mbásanna ar na bóithre ar fud na tíre in 2013 go raibh treocht scanrúil in airde ar bhásanna bliain i ndiaidh bliana ó 2012, cuireadh in iúl go raibh sé tábhachtach straitéisí éifeachtacha sábháilteachta ar bhóithre a chaomhnú agus a fhorbairt .

Ba bhreá an comhoibriú idir na Ranna sa chás seo i rith na bliana agus bhí na hAirí sásta gur seachadadh straitéisí éagsúla sábháilteachta ar bhóithre, idir straitéisí leanúnacha agus straitéisí nua arb é a gcuspóir líon na ngortuithe agus olcas na ngortuithe a laghdú ar fud na tíre, agus bearta forfheidhmiúcháin agus feachtais promóisin mar chuid de sin.

Ba mhór ag an Chomhairle dul chun cinn reachtúil sa dá dhlínse – An Bille um Thrácht ar Bhóithre na hÉireann (Uimh. 2) 2013 agus An Bille (Leasú) um Thrácht ar Bhóithre Thuaisceart na hÉireann – a chuimseoidh roinnt athruithe suntasacha atá ceaptha le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, ó athruithe sa chóras pointí pionóis agus leasú ar thástáil tiománaithe agus feithicilí, agus tuilleadh socruithe le dul i ngleic le tiomáint faoi thionchar an óil.

Beartas um Shábháilteacht Feithicilí agus Forfheidhmiú

Ba mhór ag na hAirí comhoibriú trasteorann le díriú ar réimse leathan de ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha laistigh den tionscal tarlú earraí agus den tionscal iompraithe paisinéirí, lena n-áirítear ród-acmhainneacht agus mí-úsáid breosla i dtionscal na last-táille. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an tionchar a mheastar a bheidh ag déantóirí buana nua breosla, rud a chuideoidh breosla neamhdhleathach a bhrath.

Ba mhór ag an Chomhairle an comhoibriú leanúnach fíormhaith ar chineál feithicilí a aithint, rud a chumhdaítear sa Mheamram Tuisceana sínithe idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe, agus forfheidhmiú uaireanta tiománaithe agus rialacha tacagraif an AE.

Cúrsaí AE agus Pleanáil Straitéiseach Iompair

De bharr an réimse leathan Shainchomhaid Iompair AE atá ann, chomhaontaigh na hAirí comhoibriú a chaomhnú idir ranna ábhartha, d'fhonn maoiniú AE a fháil do thionscadail Iompair atá inspéise ag an dá dhream.

D'iarr na hAirí go mbeidh oifigigh ó ranna ábhartha i dteagmháil lena chéile maidir le deiseanna ar thuilleadh comhoibrithe i gcúrsaí a bhaineann le Pleanáil Straitéiseach Iompair.

Maidir le maoiniú AE, dhearbhaigh na hAirí a thábhachtaí atá sé gan maoiniú ar bith AE a chailleadh atá ar fáil don oileán le haghaidh iompair. D'aontaigh na hAirí maidir le hairgead nach bhfuil á chur ar fáil do Thionscadal Dhroichead an Chaoluisce (i ndiaidh chinneadh AE an maoiniú don tionscnamh áirithe sin a tharraingt siar) gur chóir an t-airgead sin a úsáid in áiteanna eile ar thionsadail eile a bheadh chun leasa an iompair trasteorainn.

Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara



Cruinnithe faoi Dhobharshaothrú agus Cúrsaí Mara

Tagann CATT le chéile i bhformáid earnála Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara le cinntí a dhéanamh ar bheartais agus ar bhearta a chuirfidh Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (CFCSE) i bhfeidhm. Tá Bord ar a bhfuil 12 bhall ag CFCSE a cheapann CATT. Cuireann an Bord feidhmeanna an Chomhlachta i bhfeidhm maidir le ceantar an Fheabhail agus ceantar Chairlinne trí Gníomhaireacht na Lochanna. Is iad Winston Patterson agus Alan McCulla an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach faoi seach. Tá liosta de bhail reatha an Bhoird le feiceáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é John Pollock Príomh-Fheidhmeannach Gníomhach Gníomhaireacht na Lochanna. Tá tuilleadh sonraí in www.loughs-agency.org.

Le linn 2013 bhí cruinnithe Dhobharshaothrú agus Mara CATT ann ar 3 Bealtaine agus 23 Deireadh Fómhair. I láthair ag an dá chruinniú bhí Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Pat Rabbitte TD, Aire Cumarsáide Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Fergus O'Dowd TD, Aire Stáit, Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ag cruinniú na Bealtaine bhí Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta agus Aire Sóisearach Jonathan Bell CTR.

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

D'fháiltigh an hAirí roimh comhpháirtíocht Gníomhaireacht na Lochanna i gCathair an Chultúir agus go háirithe a ról gníomhach a ghlac siad i gcomhpháirt le Tate Britain chun oisrí áitiúla a sholáthar ag ócáidí Turner Prize sa chathair. Anois ina 29ú

bliain aithnítear go forleathan gurb é an Turner Prize an duais is cáiliúla don ealaín chomhaimseartha.

Rinne na hAirí comhghairdeas leis an Ghníomhaireacht as Duais Turasóireachta a bhaint amach don tionscnamh Turasóireachta is fearr, ag Duaiseanna Gnó an Chomhlachais Tráchtála 2013, as a phróifíl iomráiteach ag Féile Bhlasanna Bhia Farrraige an Fheabhail agus Féile Oisrí Chairlinne, a mheall 18,000 agus 10,000 cuairteoir faoi seach agus, agus an ról rathúil a d'imir sí as an Comórtas Slatiascaireachta i gCluichí Póilíní agus Lucht Dóiteáin an Domhain a óstáil.

Chuir an Ghníomhaireacht tuarascáil ar fáil maidir le roinnt tionscadal maoinithe ag an AE, lena n-áirítear £208,400 de mhaoiniú INTERREG IVA leis an cheantar thart ar Chionn Mhálanna a fhorbairt, an pointe is faide ó thuaidh in Éirinn, le cuidiú le cuairteoirí a théann go dtí an suíomh clúiteach seo, agus i gcomhpháirt le Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh, £486,500 de mhaoiniú INTERREG IVA a fháil le heispéireas cuairteora a fhorbairt in Benone.

Phléigh Airí fosta ceist thábhachtach an chaomhnaithe. Insíodh don Chomhairle go bhfuil líon seasmhach de bhradáin Atlantacha ag Abhainn Fhochaine agus Abhainn na Ró agus go bhfuil siad ag comhlíonadh a spriocanna bainistíochta agus teorainneacha caomhnaithe. Lena chois sin, thuairiscigh an Ghníomhaireacht gur tharla feabhas incriminteach i líon na n-iasc in Abhainn na Finne agus Abhainn na Moirne ó 2010/11

Cuir i láthair

Ba mhór ag an Chomhairle an cur i lathair a rinne an Dochtúir Ciarán Byrne POF lascaigh Intíre Éireann ag an tríú cruinniú déag d'Eagraíocht an Atlantaigh Thuaidh um Chaomhnú Bradán (EATCB) i nDroichead Átha ó 4 go 7 Meitheamh 2013 . Thug an ócáid idirnáisiúnta seo le chéile bainisteoirí, eolaithe agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ó chuid mhór tíortha le plé a dhéanamh ar straitéisí caomhnaithe do stoic bradán an Atlantaigh Thuaidh agus ar an dóigh le cur le próifíl caomhnaithe bradán.

Is tábhachtach le Gníomhaireacht na Lochanna forbairt stoc na n-oisrí i Loch Feabhail. I gcur i láthair a thug Ciarán McGonigle ón Ghníomhaireacht ar mhonatóireacht a dhéanamh ar stoic i Loch Feabhail, léiríodh go raibh feabhas ar na mallaibh ar líon na n-iasc i Loch Feabhail don bhliain 2013. Lena chois sin, sa chur i láthair bhí an nuacht is deireanaí maidir leis an feabhsú ar ghabháil iasc agus ar an laghdú i mbásanna a bhain le galair ó iascach na n-oisrí.

Mar chuid den chur i láthair bhí forbhreathnú ar thaighde atá ar siúl trí Thionscadal Taighde IBIS INTERREG. Tá an tionscadal ag cur faisnéise ar fáil le cuidiú leis an áis dhúchasach oisrí a bhainistiú, agus molfaidh sé tionscnaimh eile d'fhonn inbhuanaitheacht a mhéadu trí fheabhsú gnáthóige agus tionscadail feabhsaithe stoic.

Reachtaíocht

D'fhaomh an Chomhairle fosta go ceann bliana eile, go dtí mí Iúil 2013 próiseas le tacú le Gníomhaireacht na Lochanna agus í ag déileáil, trí rialacháin, le cásanna éigeandála.

Pleananna Corparáideacha agus Gnó

D'fhaomh na hAirí Plean Gnó Ghníomhaireacht na Lochanna 2013.

D'aithin an chomhairle go ndearnadh dul chun cinn ar fhorbairt Phlean Corparáideach Ghníomhaireacht na Lochanna 2014-16 agus a Phlean Gnó 2014-16; agus chomhaontaigh siad go gcuirfidh Gníomhaireacht na Lochanna coigiltí breise éifeachtúlachta le buiséid 2014-16. Chomhaontaigh an Chomhairle na príomhthosaíochtaí do thréimhse na Pleanála Corparáidí lena n-áirítear athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh chomh maith le breithmheas geileagrach ar shuíomhanna agus cóiríocht na Gníomhaireachta, agus athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar ról forfheidhmithe agus forbartha Ghníomhaireacht na Lochanna. Beifear ag tabhairt na Pleananna Corparáideacha agus Gnó chuig cruinniú CATT amach anseo le haghaidh faomhadh.

Baill an Bhoird

D'fhaomh na hAirí ceapadh Mick Murphy ar Bhord Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann mar chomharba ar Thomas Sloan.

Sábháilteacht Bia



Cruinniú Sábháilteachta Bia

Tagann CATT le chéile ar chúrsaí faoi Shábháilteacht Bia le cinntí a dhéanamh ar bhearta agus ar bheartas a chuirfidh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia i bhfeidhm. Aithnítear an Bord seo faoin ainm 'safefood'. Tá Bord Comhairliúcháin aige ar a bhfuil 12 bhall, a cheapann CATT, arb é a bpríomhdhualgas sábháilteacht bia a chur chun cinn agus tacú le comhoibriú eolaíoch idir institiúidí san earnáil sin.

Is iad Lynn Ní Bhaighealláin agus Darina Allen faoi seach Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird. Tá liosta de bhaill reatha an Bhoird le fáil in larscríbhinn a Trí. Is é Martin Higgins Príomhfheidhmeannach safefood. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.safefood.eu Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (**safefood**).

Reáchtáladh cruinniú sábháilteachta bia in oifigí CATT in Ard Mhacha ar 18 Deireadh Fómhair 2013. Ag an chruinniú bhí James Reilly TD, Aire Sláinte, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, agus Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe. Ag an chruinniú fuair na hAírí tuarascálacha dul chun cinn ón Chathaoirleach agus an POF.

Ar na buaicphointí bhí plé ar Shuirbhé Gutháin maidir le Galar Stéigeach Tógálach, a ligeann comparáid idir minicíocht an ghalair ó thuaidh agus ó dheas, agus cuidíonn sé le measúnú uile-oileáin ar ualach an ghalair. Nocht an suirbhé go raibh ráta an ghalair a mheastar a bheith ann ó dheas cosúil leis an ráta ó thuaidh agus sa Ríocht Aontaithe i gcoitinne. I dtuarascáil an POF fosta bhí torthaí an taighde ar eolas, dearcadh agus scileanna lucht gairmiúil bhunchúram sláinte in Éirinn ar bhainistíocht meáchain.

I gcur i láthair a rinne an POF do na hairí, luadh an rath a bhí ar cheardlann an Fhóraitm Uile-Oileáin um Ghníomhú ar Mhurtall agus cruinnithe a dhírigh ar mhurtall i measc páistí agus luadh fosta tús feachtas nua cumarsáide ar mhurtall i measc páistí. Seoladh an feachtas nua ar mhurtall i measc páistí ar 21 Deireadh Fómhair agus díríonn sé ar chuidiú le tuismitheoirí dul i ngleic leis na nósanna laethúla a bhaineann leis an iomarca meáchain ag páistí óga agus ar fheasacht a chothú ar na deacrachtaí sláinte a bhaineann le bheith róthrom. Tá duine as gach ceathrar páistí a bhíonn ag tosú ar an scoil róthrom nó murtallach agus tá an feachtas seo ag **safefood** le dul i ngleic leis an fhadhb.

Ba mhór ag na hAirí cur i láthair a rinne Anne Walsh ó Mhisean Oirthear Bhéal Feirste ar an obair phraiticiúil a ghlac an Misean mar chúram air féin le dul i ngleic le héagothroidimí sláinte, fáil ar aiste bia slaintiúil cothaitheach, agus cláir oideachais um bhia slaintiúil do dhaoine atá bocht. Dhírigh an cur i láthair ar na tionchair dhearfacha a bhí ag an mhaoiniú a sholáthair **safefood** ó 2011 go 2013. Is cuid de ghnáthchlár Mhisin Oirthear Bhéal Feirste é an tionscnamh rathúil seo anois.

Uiscebhealaí Intíre



Cruinnithe Uiscebhealaí Intíre

Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as bainistiú, caomhnú, forbairt agus athchóiriú na gcóras uiscebhealaí intíre atá inseolta ar fud na tíre, go háirithe ar mhaithe le caitheamh aimsire. Faoi láthair tá sé freagrach as na huiscebhealaí a leanas: loingseoireacht na Bearú, Córas na hÉirne, an Chanáil Mhór, Loingseoireacht na Banna Íochtaráí, an Chanáil Ríoga, Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne rud is ionann agus 1000 km d'uiscebhealaí inseolta. Tá sé freagrach fosta as an chuid sin de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtarach agus i ndiaidh an athchóirithe í a bhainistiú, a chaomhnú agus a fhorbairt. Athraíodh Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann le linn 2013. D'éirigh John Martin as in Iúil 2013 agus chuaigh Dawn Livingstone ina áit. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.waterwaysireland.org

Tháinig CATT le chéile i bhformaid earnála Uiscebhealaí Intíre in Ard Mhacha ar 19 Meitheamh agus 20 Samhain. Ag an dá chruinniú bhí Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnaile TD, Aire Stáit le freagracht speisialta do Chúrsaí Gaeltachta, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Aire Sóisearach OCALCA Jonathan Bell.

Ar na príomh rudaí a baineadh amach ag Uiscebhealaí Éireann in 2013 bhí na rudaí a leanas:

- Soláthraíodh 742 méadar de phoill feistithe bhreise;
- tugadh urraíocht do 112 ócáid ar chaiteachas iomlán €200,000;
- caomhnaíodh na huiscebhealaí, d'fhan 99.65% de na huiscebhealaí oscailte go dtí 30 Meán Fómhair; agus

- rinneadh trí fhoilseachán nua, “A Taste of the Waterways 2013”, “What’s On 2013” and “Guide to the Grand Canal”.

Rinne Éanna Rowe, Ceannaire Margaíochta agus Cumarsáide, cur i láthair ar shuíomh gréasáin nua Uiscebhealaí Éireann. Léirigh an cur i láthair tairbhe an tsuímh nuafhorbartha, an chéad cheann riamh in Éirinn ar ardán SharePoint, agus an dóigh ar féidir é a úsáid le huiscebhealaí a chur chun cinn mar mhórharraingt ag cuairteoirí agus mar áis luachmhar caithimh aimsire agus oideachais. Cuireann an suíomh gréasáin ar chumas úsáideoirí, daoine aonair, agus gnóthlachaí a ngnó a dhéanamh ar líne trí fhoirmeacha ar líne agus íocaíocht as seirbhísí a thabhairt isteach.

Canáil Uladh

Tá dul chun cinn leanúnach ar siúl ar obair athchóirithe do chuid Chluain Eois go Loch Éirne Uachtarach de Chanáil Uladh. Sholáthair na húdaráis reachtúla cuí an faomhadh pleanála cuí. Bunaíodh an Grúpa Idirghníomhaireachta ar Chanáil Uladh le roghanna maoinithe a fhiosrú le tionscnamh Chanáil Uladh a chur chun cinn. Bíonn cruinnithe leanúnacha ag an ghrúpa chéanna agus thoiligh ranna urraíochta scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí sóisialta is féidir a bheith ann agus na deiseanna ar chistiú gearáilte sa chomhthéacs sin.

I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na roghanna a chuir Ranna Urraíochta i láthair maidir leis an Bhord um Uiscebhealaí Éireann, cinneadh gur chóir na socrúcháin rialaithe atá ann faoi láthair a dhaingniú agus nach gá Bord a cheapadh faoi láthair.

Príomhfheidhmeannach Nua

Ceapadh Dawn Livingstone mar Phríomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann ar chonradh seacht mbliana, dár tús 29 Iúil 2013.

Teanga



The Lagan Hooley – ócáid Ultaise

Cruinnithe an Fhorais Teanga

Dhá ghníomhaireacht éagsúla atá san Fhoras Teanga – An Ghníomhaireacht Ghaeilge/Foras na Gaeilge, agus an Ghníomhaireacht Ultaise /Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Cuireann na Gníomhaireachtaí an Ghaeilge agus teanga agus cultúr na hUltaise chun cinn, faoi seach. Is é CATT a cheapann Bord an Fhorais Teanga. Is é Liam Ó Maoilmhichíl Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge. Is é Tom Scott Cathaoirleach Tha Boord O Ulstèr- Scotch. Is iad an tUasal Ó Maoilmhichíl agus an tUasal Scott comh-Chathaoirligh an Fhorais Teanga.

Tá 15 bhall eile ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus 7 mball eile ar Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá liosta de bhall reatha an Bhoird in Iarscríbhinn 3. Is é Ferdie Mac an Fhailigh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. Is é Ian Crozier Príomhfheidhmeannach Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.forasnagaeilge.ie agus www.ulsterscotsagency.com.

Bhí ceithre chruinniú Teanga CATT in 2013 ar 6 Márta, 19 Meitheamh, 10 Iúil agus 20 Samhain. Ag na cruinnithe bhí Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit le freagracht speisialta do Chúrsaí Gaeltachta agus Aire Sóisearach OCALCA Jonathan Bell CTR.

Fuair na hAirí tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus POFanna an dá ghníomhaireacht. Ar na príomhfhorbairtí a pléadh bhí na rudaí a leanas:

Gníomhaireacht na hUltaise:

- Seachadadh Phrom Síochána Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, an ócáid ba mhó den Tóstal sa chontae ina raibh an chéad chomhoibriú riamh le Ceolfhoireann Trasteorann na hÉireann;

- Soláthar tacaíochta do Thatú na Cathrach Múrtha, a mheall 13,979 cuairteoir go Doire mar chuid de Chlár Chathair Cultúir na Ríochta Aontaithe;
- Soláthar tacaíochta sa chóras oideachais, lena n-áirítear 16 chumann iarscoile in earnáil na bunscolaíochta agus 2 aonach oideachais in earnáil na hiarbhunscolaíochta chomh maith le cur chun cinn príomhchlár na hUltaise do bhunscoileanna;
- Cur chun cinn chultúr na hUltaise trí 3 chaint a sholáthar ag ionad léirithe na Gníomhaireachta agus 7 seimineár le feasacht a spreagadh ar chlár maoinithe na Gníomhaireachta d'fhéilte agus scoileanna samhraidh chomh maith le tacaíocht d'ócáid oidhreachta do bhreis agus 400 duine ag Comhthionól Ginearálta na hEaglaise Preispitéirí a reáchtaladh i nDoire den chéad uair;
- Soláthar tacaíochta poiblí, lena n-áirítear maoiniú do 6 ócáid thaispeántacha phobail Ultaise agus maoiniú do 195 ghrúpa do theagasc ceoil agus damhsa;
- Urraíocht do phlaic de James Bryce, Ultach-Albanach mór le rá in aimsir Éadbhardach, plaic a nochtadh i mBealtaine 2013, ar chuimhneachán 175 bliain ó rugadh é mar chuid de chlár comhpháirtíochta le Ciorcal Staire Uladh;
- Taispeántas de chultúr na hUltaise ag Teachíní Rae Na Ruacan i bPort an Ghiolla Ghruama i gcomhar le Comhairle Buirge Thuaisceart an Dúin, taispeántas a mheall corradh le 17,000 cuairteoir i Mí Iúil agus i Mí Lúnasa;
- Forbairt ar thionscadal oidhreachta Thoir-Thiar le hIarsmalann Mara na hAlban mar gheall ar thógáilithe Ultach-Albanacha Bhéal Feirste; agus
- Oscailt oifigiúil oifig réigiúnach nua na Gníomhaireachta i Rath Bhoth.

Foras na Gaeilge:

- Bearta leanúnacha leis na socrúithe nua bunmhaoinithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear spéis a lorg ó eagraíochtaí incháilithe atá ag iarraidh go gcuirfear iad san áireamh nuair a bheifear ag roghnú príomheagraíochta;
- Rinneadh dul chun cinn le príomhscéimeanna, lena n-áirítear fógairt Scéim na nOifigeach Gaeilge 2013 – 2016 ;
- D'fhonn tacú leis an Ghaeilge in earnáil na n-ealaíon, faomhadh 57 iarratas ar mhaoiniú faoi Scéim na bhFéilte 2013 chomh maith le 10 n-iarratas ar mhaoiniú faoi Scéim na gComhlachtaí Drámaíochta 2013;
- Faomhadh 70 tionscadal le deiseanna agus ócáidí a sholáthar do 3,000 duine óg chun iad a spreagadh an Ghaeilge a úsáid;
- Scaipeadh 7 leabhrán Gaeilge san Irish Daily Mail i Meán Fómhair;
- Rinneadh measúnú ar Scéim na gCampaí Samhraidh, agus tabharfar maoiniú do níos mó ná 50 campa ar a bhfreastalóidh 2,000 duine óg le linn Iúil-Lúnasa 2013;

- Fógraíodh don tréimhse Iúil 2013-Márta 2016 Scéim na n-Oifigeach Gaeilge ó thuaidh, arb í a cuspóir stádas na Gaeilge a fheabhsú ar leibhéal áitiúil agus cur le Líofa 2015 trí réimse de sheirbhísí dátheangacha a sholáthar don phobal;
- Tá feachtas promóisin ar siúl ar fud na hearnála poiblí, thuaidh agus theas, maidir leis an líne chabhrach FREAGRA a thugann seirbhís aistriúcháin Ghaeilge don earnáil phoiblí;
- Eagraíodh comhdháil ar theangacha mionlaigh san healaíona, Voces in Artes, i Mí na Bealtaine 2013 mar chuid d'Uachtaránacht AE na hÉireann ; agus
- Seoladh an Mhórfhoclóir nua Béarla-Gaeilge .

Comhoibriú idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge

- Bunú coiste le maoirseacht a dhéanamh ar chomhchlár oibre, an próiseas reatha comhairliúcháin ar an chomh-Scéim Chomhionannais, agus maoiniú do 'The Honest Sod', dráma in Ultais agus i nGaeilge a rinne camchuart ar 88 scoil agus atá feicthe ag breis agus 3,000 dalta;
- Tá an chomhscéim chomhionannais athbhreithnithe curtha faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais le faomhú. Deanfar an pholasaí sábháilteachta a uasdátú chun go gcuimseofaí an cibearbhulaíocht;
- Forbairt tionscnaimh le ceardlanna cultúrtha a sholáthar do mheánscoileanna san Earnáil Imeachta i bpáirt le seachadadh an churaclaim saoránachta;
- Sraith léachtaí a bhí ann ar logainmneacha Chúige Uladh mar chuid de dhá lá oscailte in Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann; agus
- Plé ar roinnt comhthionscadal ina raibh taispeántas faoi na bailte cairte, sraith léachtaí do pháistí eochairchéim 3 (11-14 bliana d'aois) agus tionscadal oidhreachta ar scéal Hamilton agus Montgomery (Ionraitheoirí luatha Albanacha) agus Con Ó Néill (an t-úinéir talaimh ceannasach Éireannach in Aonraim/an Dún).

An Ghníomhaireacht Ultaise- Faigh amach faoin Ultais

Thug na hAirí dá n-aire an obair a ghlac Gníomhaireacht na hUltaise mar chúram uirthi féin leis an tionscnamh Faigh amach faoin Ultais a chur chun cinn, rud a chruthóidh: brandáil chomhleanúnach ar féidir í a chur ar tháirgí/eispéiris turasóirí, rudaí a bhaineann le hoidhreachtaí Ultach-Albanach; agus pointe rochtana aonair bunaithe ar shuíomh gréasáin a dtig le cuairteoirí dul chuige le fáil amach faoi áiteanna le dul agus rudaí le déanamh a léiríonn oidhreachtaí Ultach-Albanach .

Foras na Gaeilge – Athbhreithniú ar Bhunmhaoiniú

D'fhaomh na hAirí socruithe nua maoinithe, a cuirfeadh in áit an mhúnla mhaoinithe atá faoi láthair ag Foras na Gaeilge. Sna socruithe nua:

- seachadfaidh 6 phríomheagraíocht agus iad ag obair ar bhonn uile-oileáin na tosaíochtaí straitéiseacha a leanas: Gaeloideachas; Gaeilge in oideachas trí Bhéarla; forbairt phobail agus forbairt gheilleagrach atá teanga-lárnach; úsáid na teanga; feacht teanga agus gréasáin ógra;
- bunóidh Foras na Gaeilge fóram comhpháirtíochta uile-oileáin lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhoibríoch ag na 6 phríomheagraíocht;
- bunóidh Foras na Gaeilge fóram forbartha teanga uile-oileáin a léireoidh spéiseanna áitiúla teanga. Beidh sé maoinithe ag Foras na Gaeilge ar leibhéal pobail;
- forbrófar scéim raidió phobail le maoiniú a sholáthar do raidió phobal Gaeilge sa dá dhlínse; agus
- solathrófar maoiniú amach anseo don Áisaonad, nuair is cuí, i gcomhthéacs fheidhm reachtúil Fhoras na Gaeilge maidir le tacú le Gaeloideachas agus teagasc na Gaeilge.

Chomh maith leis sin, d'iarr an Chomhairle ar Fhoras na Gaeilge dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm na socruithe nua a mbeidh éifeacht leo ó 1 Iúil 2014, ag brath ar fhaomhadh ó na Ranna Airgeadais, agus thoiligh siad na socruithe bunmhaoinithe a shíneadh go dtí 30 Meitheamh 2014 nuair a thiocfaidh na socruithe nua maoinithe i bhfeidhm.

Tuascálacha agus Cuntais Bhliantúla

Thug na hAirí dá n-aire gur cuireadh Tuascálacha agus Cuntais Bhliantúla chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2010 faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann ar 5 Iúil 2013, agus meastar go ndéanfar Tuascálacha agus Cuntais Bhliantúla chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2011 a dhearbhu agus a leagan faoi 31 Nollaig 2013. Thug an Chomhairle dá haire fosta, maidir le Tuascálacha agus Cuntais Bhliantúla chomhdhlúthaithe 2012, gur críochnaíodh an t-iniúchadh allamuigh d'Fhoras na Gaeilge agus go ndéanfar é roimh i bhfad do Ghníomhaireacht na hUltaise, agus go ndéanfaidh na hArdreachtairí agus na Príomhíniúcháirí é a dhearbhu a luaithe agus is féidir sa bhliain úr.

D'aithin na hAirí an chomhbair leanúnach le hoifigí neamhspleácha na n-Ardreachtairí & na bPríomhíniúcháirí sa dá dhlínse. Mar thoradh air seo, foilsíodh 11 Tuascáil agus Cuntas Bhliantúil chomhdhlúthaithe don Fhoras Teanga idir 2005 agus seo.



Seoladh app na Gaeilge

Cláir speisialta AE



Daltaí bunscoile ar cuairt ag Fab Lab i mBéal Feirste maoinithe ag Clár PEACE III

Cruinnithe Cláir Speisialta AE

Is é an misean atá ag an Chomhlacht um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (CCSAE) bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chláir mhaoinithe agus iad a chur i bhfeidhm ar son an dá Rialtais agus an Aontais Eorpaigh d'fhonn feabhsú sóisialta agus geilleagrach a sheachadadh do phobal na hÉireann thuaidh agus theas trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta. Is é Pat Colgan Príomhfheidhmeannach CCSAE. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.seupb.eu

Bhí cruinnithe CCASE CATT ann ar 10 Bealtaine agus 6 Nollaig 2013 in Ard Mhacha. Ag cruinniú na Bealtaine bhí Sammy Wilson MP CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, Brendan Howlin TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus Aire Sóisearach OCALCA Jennifer McCann CTR. Ag cruinniú Mhí na Nollag bhí Brendan Howlin TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Simon Hamilton CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, agus Aire Sóisearach OCALCA Jennifer McCann CTR. Bhí an tAire Wilson ina chathaoirleach ar chruinniú na Bealtaine agus an tAire Howlin ina Chathaoirleach ar chruinniú Mhí na Nollag.

Seo a leanas na príomhfhorbairtí do CCSAE in 2013:

- Dul chun cinn i gcur i bhfeidhm Chlár PEACE III. Ag Cruinniú CATT i Mí na Nollag tuairiscíodh gur faomhadh 215 tionscadal ar luach iomlán €310.9m (£265.8m) arb ionann é agus leibhéal tiomantais 93.4%. Orthu seo, bronnadh Litir Thairisceana ar luach €299.5m (£256.0m) ar 214 tionscadal ;
- Ba é an caiteachas iomlán ar Chlár PEACE III ar 30 Meán Fómhair 2013 €193.7m (£165.6m). Tá sprioc caiteachais 2013 bainte amach;
- Faoi 30 Meán Fómhair 2013 tá 40 Litir Thairiseana faighte ag Grúpaí Trasteorann ar luach iomlán €61.8m (£52.8m);
- In 2013 d'éascaigh CCSAE comhpháirtíocht Thuaidh Theas i gclár thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha INTERREG IV le 67 páirtneir tionscadail ar luach airgeadais €11m (£9m);
- Ghlac CCSAE páirt i gcomhdháil PEACE sa Bhruiséil a d'eagraigh Coimisiún AE in Eanáir darbh ainm "Pobail Dheighilte a Thabhairt le Chéile". Ag an chruinniú bhí an Coimisinéir Hahn, an Chéad Aire Peter Robinson agus an Leas-Chéad-Aire Martin McGuinness agus an tAire Brendan Howlin. Thug an chomhdháil deis do thionscnóirí tionscadail, a dteistiméireachtaí a thabhairt ar fhiúntas Chlár PEACE do lucht éisteachta idirnáisiúnta;
- Chuir CCSAE in iúl tionchar dearfach chláir AE, mar shampla, an Chomhdháil Síochána Idirnáisiúnta agus an Chomhdháil ar théama an fhiontair Idirnáisiúnta. Reáchtáladh an dá chomhdháil i nDoire i Mí na Bealtaine 2013;
- Táthar ag leanstan leis an phróiseas pleanála don tsraith nua de chláir nua AE 2014 – 2020 agus tá ullmhúchán do na cláir idir lámha. Tá sé i gceist an Clár Oibriúcháin do PEACE agus INTERREG a chur faoi bhráid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann in 2014. Cuirfear sin go foirmiúil faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena thoilíú i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí agus chomhaontú an dá Rialtas. Meastar go gcomhaontófar na cláir i bhFómhar 2014;
- I Mí na Bealtaine thug na hairí dá n-aire gur raibh scrúdú déanta ag an dá Roinn Urraíochta i dtaobh na socruithe rialachais laistigh den Chomhlacht um Chláir Speisialta AE, agus go raibh sé comhaontaithe acu go raibh na socruithe cuimsitheach agus ilsraitheach agus gur thug siad maoirseacht chuí don Chomhlacht; agus
- I Mí na Nollag chomhaontaigh na hAí go ndearnadh athbhreithniú ar fhoireann CCSAE. Tugann an dréacht-thuairisc moltaí maidir leis an bhfoireann le haghaidh 2013 agus 2014. Iarrfaidh CCSAE ar an Roinn Airgeadais agus Perasanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an bhfuil deiseanna eile ann le héifeachtúlachtaí breise a bhaint amach trí moltaí ar athbhreithniú foirne agus cláir nua a chur i bhfeidhm.

Ag cruinniú na Bealtaine cuireadh faoi bhráid na nAirí cur i lathair a bhain le tionscadal INTERREG IVA Naisc Éireann/Alban ar Thaighde Fuinnimh (NEATF) arbh é a chuspóir indéantacht a mheas ar eangach leictreachais ón chósta bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite. Bronnadh maoiniú INTERREG IVA de €1,545,639/£1,286,135 ar an tionscadal.

Ag cruinniú Mhí na Nollag cuireadh faoi bhráid na nAirí cur i lathair a bhain le tionscadal Tellus Border INTERREG IVA, tionscadal mapála réigiúnach a bhailíonn sonraí geo-chomhshaoil ar ithreacha, ar uisce agus ar charraigeacha ar fud sé chontae cois teorann agus leanadh den anailís ar shonraí atá ann faoi láthair i dTuaisceart Éireann. Tionscnamh trasteorann atá sa tionscadal idir Suirbhé Geolaíoch Thuaisceart Éireann, Suirbhé Geolaíoch Éireann, Ollscoil na Ríona Béal Feirste agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Bronnadh maoiniú £4m ar an tionscadal ó théama Comhshaoil INTERREG IVA.

Forbairt Tradála agus Gnó



Buaiteoirí Chomórtas Shíol Arbhair IdirThrádáilÉireann 2013 – Westway Health and Element Software sa phictiúr le Thomas Hunter McGowan POF IdirThrádáilÉireann.

Cruinniú um Fhorbairt Trádála agus Gnó

Bunaíodh an Foras Forbartha Gnó, darb ainm IdirthrádáilÉireann, le faisnéis a mhalartú agus obair a chomhordú ar thrádáil, forbairt gnó agus cúrsaí eile a bhaineann leis sin, i réimsí ina gcomhaontaíonn an dá rialtas go mbeadh sé lena gcomhleas. Tá Bord ag IdirThrádáilÉireann ar a bhfuil 12 bhall a cheapann CATT. Tá liosta de bhaill reatha an Bhoird in Iarscríbhinn a Trí. Is é Thomas Hunter Graham Príomhfheidhmeannach Idirthrádáil Éireann. Tá sonraí eile le fáil in www.intertradeireland.com.

Reáchtáladh cruinniú amháin um Fhorbairt Trádála agus Gnó in Ard Mhacha ar 25 Meitheamh 2013. An tAire Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta a bhí ina Cathaoirleach agus John O'Dowd CTR, Aire Oideachais ina Aire tionlacain, agus bhí Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i láthair fosta.

- Cuireadh tuarascálacha ar dhul chun cinn faoi bhráid an Cathaoirligh agus an Príomhfheidhmeannaigh maidir le gníomhaíochtaí IdirThrádáilÉireann i rith 2013. Luadh:
- Feidhmíocht IdirThrádáilÉireann don bhliain 2012 le taobh spriocanna pleananna gnó. Shólathair sí toradh 13:1 ar infheistíochtaí, chuidigh sí le 92 nuálaí céaduaire agus 67 easpórtálaí céaduaire agus shólathair sí san iomlán 6% de choigiltí éifeachtúlachta ; agus
- Giniúint in 2012 £92.1M/ €105.8M de Luach Gnó ó chuideachtaí rannpháirteacha.

Thug Airí dá n-aire torthaí Shuirbhé Monatóireachta Ráithe 1 agus costais iompair agus sreabhadh airgid gurb iad sin na mórcheisteanna a bhfuil tionchar acu ar ghnó sa tír.

San iomlán aithníodh go raibh éileamh leanúnach ar sheirbhísí IdirThradáilÉireann.

Maidir le taighde agus nuálaíocht, thug an chomhairle dá haire sonraí tarraingt anuas €60.7m de mhaoiniú ó chlár nuálaíochta FP7, a dáileadh i measc 69 tionscadal agus ba mhór léi na bearta leanúnacha a bhí ann le hullmhú le haghaidh comhpháirtíocht uile-Éireann i gclár Horizon 2012 ag deireadh na bliana, agus forbairt app Horizon 2020. Bhíothas sásta leis na bearta a bhí ar siúl le comhoibriú trasteorann a chothú sa réimse seo.

Aithníodh torthaí thaighde trasteorann IdirThradáilÉireann ‘Rochtain ar mhaoiniú le haghaidh Fás in FBManna in Éirinn Thuaidh agus Theas’, lena n-áirítear íslíú leanúnach ar an ráchairt ar shochar agus go bhfuil méadú leanúnach ar líon na ngnólachtaí atá a mhaíomh gurb é ganntanas airgid is cúis le bac ar fhás.

Chomh maith leis sin, fuair an Chomhairle cur i láthair ó oifigigh de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus na Roinne Post, Fiontar, agus Nuálaíochta ar théama an fhiontair i gClár reatha INTERREG IVA agus chuala siad roinnt sonraí achoimrithe ar an cruth a mheastar a bheidh ar chomharba an chláir seo.

CAIBIDIL A TRÍ: CRUINIÚ INSTITIÚDEACH CATT



An Chead – Aire, Tanáiste agus an Leas-Chéad-Aire ag seoladh Tuarascáil Bhliantuil CATT ag an Chruinniú Institiúdeach i Mí Aibreáin.

Tháinig CATT le chéile i bhformáid Institiúdeach ar 29 Aibreán 2013 i gCaisleán Stormont, Béal Feirste. Ag an chruinniú bhí an Chéad-Aire an Ró-Onórach Peter Robinson CTR, an Leas-Chéad-Aires Martin McGuinness CTR agus an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eamon Gilmore TD. Tá cóip den Chomhráiteas a eisíodh i ndiaidh an chruinnithe le fáil in www.northsouthministerialcouncil.org

Bhí plé fairsing ag na hAirí ar an gheilleagar go háirithe na dúshláin gheilleagracha atá ann sa dá dhlínse agus bearta buiséid atá idir lámha le tabhairt fúthu. Phléigh siad Cáin Chorporáideach agus NAMA, thug siad dá n-aire gur tábhachtach muinín a chothú sa gheilleagar agus i dtionscal na turasóireachta agus d'aithin siad an tairbhe a eascraíonn as comhoibriú sa dá rud. Bhí plé fosta ar chruinniú mullaigh G8 in Inis Ceithleann.

Cúrsaí AE

Phléigh an Chomhairle Uachtaránacht AE na hÉireann in 2013 agus d'fháiltigh siad roimh an chomhoibriú a tharla idir Rialtas na hÉireann agus Airí an Fheidhmeannais. Phlé siad cúrsaí éagsúla a bhaineann leis an AE agus thug siad dá n-aire cé gur aontaíodh an Creat Airgeadais il-bhliantúil agus leasú ar an Chomhbheartas Talmhaíochta, go raibh plé leanúnach ar leibhéal na Rialtas Eorpach idir Comhairle na nAirí agus Parlaimint an AE.

Phléigh na hAirí freisin an cás le cistí AE go háirithe ó thaighde agus cláir forbartha PEACE III, INTERREG IV agus FP7 agus an deis atá ann le haghaidh cláir amach anseo, go háirithe clár nua PEACE .

Tionscnamh Gateway an Iarthuaiscirt

D'fháiltigh na hAirí roimh an dul chun cinn faoi Thionscnamh Gateway an Iarthuaiscirt agus thug siad dá n-aire go mbeadh tuilleadh plé ann le páirtithe leasmhara lena dtuairimí a lorg ar fhorbairt an Tionscnaimh amach anseo. Chomhaontaigh siad dul chun cinn a athbhreithniú ar an phlé seo ag cruinniú amach anseo.

Ceisteanna a bhaineann le Comhlachtaí Thuaidh/Theas

Phléigh na hAirí cúrsaí maidir le Comhlachtaí Thuaidh/Theas agus thug siad dá n-aire Pleananna Corparáideacha agus Gnó agus cur i bhfeidhm coigiltí carnacha éifeachtúlachta laistigh de na Comhlachtaí. Phléigh siad ceisteanna rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú ar Mheamram Airgeadais, athruithe ar an Scéim Pinsin Thuaidh Theas agus thug siad dá n-aire athruithe ar Bhoird na gComhlachtaí Thuaidh Theas.

Bhí na hAirí buíoch de Phríomhfheidhmeanach Uiscebhealaí Éireann, John Martin agus Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna, Derick Anderson (atá ag dul ar scor) as an méid atá déanta acu d'obair na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus ghuigh siad rath orthu agus iad ar scor.

Athbhreithniú ar Chomhaontú Chill Rímhinn

Phléigh na hAirí Athbhreithniú Chomhaontú Chill Rímhinn agus bhí siad ag tnúth le tuilleadh plé ag an chéad chruinniú iomlánach CATT eile.

CAIBIDIL A CEATHAIR: FOR-ROCHTAIN COMHRÚNAIREACHTA CATT



Daltaí ó Scoil speisialta Lios an Eallaigh ag fáil a gcuid teastas do shocrúchain oibre ó phearsanra CR CATT
Mar chuid dá Chlár Corparáideach i leith Freagrachta Sóisialta, socraíonn an Chomhrúnaireacht gníomhaíochtaí for-rochtana do ghrúpaí áitiúla.

I Mí an Mheithimh d'fháiltigh an Chomhrúnaireacht roimh cheathrar daltaí ó Scoil Speisialta Lios an Eallaigh in Ard Mhacha do thionscadal socrúcháin oibre. Mar chuid de seo, chuidigh na daltaí le socruithe agus seachadadh dhá Chruinniú CATT lena n-áirítear bheith i láthair nuair a tháinig Airí, agus cuidiú leis an ullmhúchán agus leis an lónadóireacht.

An fhoirean Chomhrúnaireachta atá i mbun bainistíochta an tionscnaimh, tá siad gníomhach in eagraíochtaí pobail/spóirt agus fuair siad faomhadh Rochtain TÉ as an obair a dhéanann siad sna róil dheonacha seo. Is iad comhghleacaithe Comhrúnaireachta ar leith, a bhí páirteach in obair le grúpaí pobail agus le daoine le riachtanais speisialta, a rinne meantóireacht ar dhaltaí.

IARSCRÍBHINN A hAON

CRUINNITHE CATT IN 2013

Léirítear sa table thíos cruinnithe CATT.

Cruinniú CATT	DÁTA	Áit
Iomlánach	5/7/13	Caisleán Bhaile Átha Cliath
	8/11/13	CC CR CATT
Institiúideach	29/4/13	Caisleán Stormont
Talmhaíocht	10/7/13	CC CR CATT
	13/11/13	CC CR CATT
Oideachas	27/2/13	CC CR CATT
	8/11/13	CC CR CATT
Comhshaol	23/4/13	CC CR CATT
	30/10/13	CC CR CATT
Sláinte agus Sábháilteacht Bia	11/10/13	CC CR CATT
Turasóireacht	26/6/13	CC CR CATT
Iompar	28/3/13	Caisleán Bhaile Átha Cliath
	17/4/13	CC CR CATT
	28/11/13	CC CR CATT
Dobharsaothrú agus Cúrsaí Mara	3/5/13	CC CR CATT
	23/10/13	CC CR CATT
Uiscebhealaí Intíre	19/6/13	CC CR CATT
	20/11/13	CC CR CATT
Teanga	6/3/13	CC CR CATT
	19/6/13	CC CR CATT
	10/7/13	CC CR CATT
	20/11/13	CC CR CATT
Cláir Speisialta AE	10/5/13	CC CR CATT
	6/12/13	CC CR CATT
Forbairt Trádála & Gnó	26/6/13	CC CR CATT

IARSCRÍBHINN A DÓ

COMHRÚNAIREACHT CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

Faigheann Comhairle aireachta Thuaidh Theas (CATT) tacaíocht ó Chomhrúnaireacht sheasta, ar a bhfuil foireann ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus Státseirbhís na hÉireann. Is í Óifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire (OCALCA) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh na hÉireann.

Is é Colm Shannon Comhrúnaí (Thuaidh) agus Shane O'Neill Comhrúnaí (Theas).

FEIDHMEANNA

Seo thíos feidhmeanna na Comhrúnaireachta:

- sceidealú chruinnithe na Comhairle a shocrú i bhformáidí éagsúla;
- comhaontú polaitiúil a fháil roimh ré do na cláir a bheidh ag cruinnithe na Comhairle;
- páipéir a ullmhú agus a choimisiunú do chruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear rudaí a bhaineann lena clár oibre;
- Comhráitis a dhréachtadh mar aon le Taifid Cinntí na Comhairle;
- cinntí na Comhairle a fhógairt agus monartóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm;
- tuarascáil bhliantúil a dhréachtadh ar imeachtaí na Comhairle;
- feidhmiú mar ghléas cumarsáide le Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse, teagmháil le Rúnaireacht Chomhdháil Chomhrialtasach na Breataine/na hÉireann agus leis an chomhfhóram pharlaiminteach Thuaidh/Theas agus leis an fhóram comhairliúcháin neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tascanna ar bith eile a dhéanamh a ordóidh an Chomhairle

MAOINIÚ

Is iad OCALCA agus RGET a dhíolann as costais na foirne. Idir an dá rialtas a roinntear gach costas a bhaineann leis an Chomhrúnaireacht agus CATT. Is é an costas a bhí ar reáchtáil na Comhrúnaireachta in 2013 ná £1,553,948/€1,831,514.

IARSCRÍBHINN A TRÍ

BAILL BOIRD NA gCOMHLACHTAÍ THUAIDH THEAS

BORD COMHAIRLIÚCHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT BIA A CHUR CHUN CINN

Lynn Ní Bhaoigheallain (Cathaoirleach)
Darina Allen (Leas-Chathaoirleach)
Julie Andrews
Thomas Burns
Brendan Kehoe
Alan McGrath
Helen O'Donnell
Edward Spellman
Hannah Su
Campbell Tweedie
Mary Upton
Jane Wells

FORAS TEANGA THUAIDH THEAS

FORAS NA GAEILGE

Liam Ó Maolmhichíl
(Cathaoirleach Fhoras na Gaelige/Comhchathaoirleach An Fhorais Teanga)
Eoghan Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach)
Pól Callaghan
Colm Cavanagh
Áine Ní Chiaráin
Bríd Ní Chonghóile
Liam Kennedy
Seosamh Mac Donncha
Tomás Mac Eochagáin
Marcas Mac Ruairí
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Dónal Ó hAiniféin
Therese Ruane
Tomás Sharkey (d'éirigh as – 18 Meán Fómhair 2013)
Cáitríona Ní Shuilleabháin
Éamonn Ó Gribín
Donnchadh Ó Laoghaire (a ceapadh 10 Eanáir 2014)

THA BOORD O ULSTÈR SCOTCH

Tom Scott
(Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch/Leaschathaoirleach an Fhorais
Teanga Thuaidh Theas)
Tony Crooks (Leas-Chathaoirleach)
Ida Fisher
William Leathem
Val O'Kelly
Hilary Singleton
Sharon Treacy-Dunne
Trevor Wilson

COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA hÉIREANN

Winston Patterson (Cathaoirleach)
Alan McCulla (Leas-Chathaoirleach)
Andrew Duncan
Phil Mahon
Joe Millar
Michael J McCormick
Theresa McLaverty
Seamus Rogers
Thomas Sloan (a d'éag 21 Eanáir 2013)
Donal Tipping
Jim Wilson
Mick Murphy (a ceapadh 13 Samhain 2013)
Laurence Arbuckle

AN CHOMHLACHT UM FHORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ

Martin Cronin (Cathaoirleach)
Joanne Spain (Leas-Chathaoirleach)
Brendan Butler
Jake Gallagher
Ray Hayden
Hubert Brown Kerr
Timothy Mayes
Bridget Meehan (a d'éirigh as 13 Samhain 2013)
Patricia McKeown
Kevin Norton
Mairead Sorensen (a d'éirigh as 8 Lúnasa 2013)
Terri Scott (a ceapadh 6 Nollaig 2013)
Rosemary Delaney (a ceapadh 6 Nollaig 2013)

TURASÓIREACHT ÉIREANN TEORANTA

Brian Ambrose (Cathaoirleach)
Jim Flannery (Leas-Chathaoirleach)
Ciara Boyle
Denis Cregan
Shaun Quinn
Howard Hastings
John Healy
David Lyle
Christoph Mueller
Elaine Murphy
Derek Rainey
David Rodney